Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10411/23**
**ADD 3**

**AG 48**
**INST 209**
**JAI 822**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Pharlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, an Chúirt Iniúchóirí, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún Togra le haghaidh comhlacht idirinstitiúideach eitice<br>- Litir ón Uachtarán von der Leyen chuig Ulf Kristersson, Príomhaire na Sualainne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an litir ón Uachtarán von der Leyen chuig Ulf Kristersson, Príomh-Aire na Sualainne[…].

Faoi iamh: Litir an 8 Meitheamh 2023

*AN COIMISIÚN EORPACH*

*Ursula von der Leyen*
*An tUachtarán*

*An Bhruiséil,*

*A Phríomh-Aire, a chara,* dear Ulf

*Ba mhaith liom a chur in iúl duit gur ghlac an Coimisiún Teachtaireacht inniu dar teideal Togra le haghaidh comhlacht idirinstitiúideach eitice. Tá an Teachtaireacht sin mar thoradh ar dhréachtchomhaontú idir na hinstitiúidí agus na comhlachtaí comhairleach a liostaítear in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le ráiteas airgeadais.*

*Tagann an togra seo sna sála ar an ngealltanas a thug mé sna Treoirlínte Polaitiúla don Choimisiún Eorpach, 2019-2024, chun tacú le cruthú comhlachta eitice a bheadh i gcoitinne ag institiúidí uile an Aontais agus chun obair a dhéanamh leis na hinstitiúidí eile chun an méid sin a bhaint amach.*

*Is é an chúis atá leis an sin go gcaithfidh institiúidí an Aontais Eorpaigh a bheith chomh hoscailte agus neamhlochtach lena chéile maidir le heitic, trédhearcacht agus ionracas má tá muinín le bheith ag muintir na hEorpa as an Aontas. Is dlúthchuid d'fheidhmiú na n-institiúidí Eorpacha í an eitic, agus bítear ag súil le hiompraíocht eiticiúil gan locht ó chomhaltaí na n-institiúidí go léir.*

*Agus é curtha ar bun, bheadh sé mar chúram ar an gcomhlacht eitice idirinstitiúideach comhchaighdeáin eitice a cheapadh ba cheart do na hinstitiúidí agus na comhlachtaí comhairleacha go léir a urramú agus gealltanas á thabhairt acu go gcuirfidh siad chun feidhme iad sna rialacha inmheánacha dá gcomhaltaí féin. Is é an cuspóir atá ann bonnlíne choiteann a áirithiú maidir le rialacha infheidhmithe na n-institiúidí agus chun tuiscint fhrithpháirteach a chruthú ar an iompraíocht eiticiúil a bhfuiltear ag súil léi ó dhaoine a bhfuil na feidhmeanna is airde san Aontas Eorpach acu.*

*Is éard a bheidh sa chomhlacht a bhunófar mar sin gné nua chinntitheach chun cultúr coiteann institiúideach a chruthú taobh istigh den Aontas Eorpach agus sin bunaithe ar chomhchaighdeáin íosta. Dá bhrí sin, rannchuideodh sé le muinín na saoránach as an hinstitiúidí agus a gcomhaltaí a neartú.*

./..

*Ulf Kristersson,*
*Príomh-Aire na Sualainne*

*Commission européenne/Europese Commissie, 1049 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË Teil. +32 2299 11 11*

*Ceapadh an comhlacht idirinstitiúideach eitice, mar a mhol an Coimisiún, lena áirithiú go mbeidh sé dírithe ar chúraimí breisluacha nach ndéanann dúbláil ar struchtúir fheidhmiúla atá ann cheana. Is léiriú é bunú agus inniúlachtaí an chomhlachta atá beartaithe ar shaincheisteanna casta cigilteacha na cothromaíochta idir na hinstitiúidí, uathriail na n-institiúidí agus chreat dlíthiúil na gConarthaí, a tarraingíodh anuas sna teagmhálacha idirinstitiúideacha a rinneadh sular cuireadh tús leis an tionscnamh.*

*Is díol sásaimh dom cuireadh a thabhairt duit páirt a ghlacadh sa phlé idirinstitiúideach maidir le comhaontú chun comhlacht idirinstitiúideach eitice a bhunú. Agus an cás amhlaidh, bheinn buíoch díot ach ionadaí a ainmniú chun páirt a ghlacadh sa phlé leis an gCoimisiún le haghaidh céadchruinniú duine le duine tráthnóna Dé Luain, an 3 Iúil 2023, sa Bhruiséil. Déanfaidh an Leas-Uachtarán Véra Jourovd ionadaíocht ar son an Choimisiún sna pléití sin.*

*Beidh na pléití sin tábhacht chun an bealach chun tosaigh a shainmhíniú ar mhaithe leis an gcomhlacht idirinstitiúideach eitice sin a chruthú, agus dá réir sin, chun sásra comhordúcháin a bhunú, den chéad uair, idir na hinstitiúidí maidir leis na caighdeáin eiticiúla in infheidhmithe i leith a gcomhaltaí faoi seach. Tá mé suite de go bhfuil sé mar aidhm choiteann againn réitigh a mholadh atá stuama go dlíthiúil, a bhfuil brí leo agus atá indéanta, agus a áirithíonn an t-ardleibhéal ionracais a mbíonn saoránaigh na hEorpa ag súil leis ó na daoine a bhfuil na feidhmeanna is airde acu ar leibhéal an Aontais.*

*Is mise le meas,*



*Ursula von der Leyen*

*Iarscríbhinní:*
*Teachtaireacht maidir le 'Togra le haghaidh comhlacht idirinstitiúideach eitice'*
*Dréachtchomhaontú*
*Ráiteas airgeadais*